An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Chuig Boird Bhainistíochta agus Príomhoidí, Foireann Múinteoirí na mBunscoileanna agus na Scoileanna Speisialta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

Curaclam Teanga na Bunscoile / Primary Language Curriculum

Céimeanna 1–4 (naíonáin shóisearacha go rang a sé)

1. Curaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum (CTB/PLC)

I Meán Fómhair 2019, seolfar an CTB/PLC do gach ceann de cheithre chéim na bunscoile (naíonáin shóisearacha go rang a sé), agus beidh ciorclán ina thaobh á chur ar fáil do na scoileanna. Beidh an curaclam le fáil ar líne ag múinteoirí agus lucht scoile, ag www.curriculumonline.ie/Primary?lang=ga-ie ó Mheán Fómhair 2019.

Anuas ar sin, **gheobhaidh na scoileanna cóip chrua den churaclam i Meán Fómhair 2019, ceann an duine do gach múinteoir.**

2. Tacaíocht do Scoileanna agus Múinteoirí

Cuirfear tús i Meán Fómhair 2019 le timthriall tacaíochta trí bliana, ó 2019/20 go 2021/22, mar seo a leanas:

- Cuirfidh An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairimúil do Mhúinteoirí (FGM)/An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) seimineár lae iomláin ar fáil do na scoileanna uile i dTéarma 1 2019, ina ndíreofar ar tslí leis an CTB/PLC iomlán a chur i bhfeidhm ó rang na naíonán sóisearach go rang a sé.
- Beidh seimineáir bhliantúla ceannaireachta ar fáil do phríomhoidí i gcaitheamh na dtrí bliana. Díreofar sna seimineáir seo ar an téama ‘Athrú Curaclaim a Threorú’ maidir leis an gCuraclam Teanga Bunscoile.
- Cuirfear clár tacaíochta inscoile leanúnach i gcéimeanna ar fáil tar éis na seimineár i dTéarma 1, 2019. Beidh na scoileanna páirteach sa chlár seo i dtrí ghrúpa (i gcaitheamh na dtrí bliana). Beidh suas le sé chuairt scoile i gcaitheamh bliana i gceist sa chlár. Cuirfidh An tSeirbhís FGM mionsonraí an phróisis iarratais ar fáil roimh dheireadh 2019.
- Cuirfear sraith seimineár gréasáin ar fáil chun ceisteanna a aithneofar sna scoileanna a phlé. Eagrófar an chéad cheann de na seimineáir ghréasáin seo i dTéarma 2, 2020.

Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 RC96
Marlborough St, Dublin 1, D01 RC96
T +353 1 889 2081 | cap@education.gov.ie
www.education.ie

3. Dúnadh Scoileanna

Chun gur féidir leis na scoileanna an curaclam nua teanga seo a phlé agus a chur i bhfeidhm le chéile, is eol don Roinn go mbeidh am agus tacaíocht ag teastáil agus go gcaithfear gníomhaíochtaí a ullmhú roimh ré chun an stíl nua curaclaim seo a leabú sa chóras.

Is féidir leis na scoileanna dúnadh mar seo a leanas i scoilbhliain 2019/2020:

- Dúnadh ar feadh lá amháin i dTéarma 1 le haghaidh seimineár don fhoireann ar fad 2019/2020, ón tSeirbhís FGM/CNOS.
- Dúnadh ar feadh leath lá amháin i gcás **gach** seimineár gréasáin ionas gur féidir leis an scoil ar fad teacht le chéile (faoi threoir na scoileanna féin).
- Anuas ar sin, dúnfaidh gach scoil a bheidh ag fáil FGL (forbairt ghairmiúil leanúnach) mar chlár tacaíochta inscoile maidir leis an CTB/PLC ar feadh suas le trí leath lá eile.

Beidh an deis ag na scoileanna a bheas ag fáil FGL mar chlár tacaíochta inscoile dúnadh a scoileanna féin a phleanáil ar an tslí is áisiúla dóibh féin. Mar shampla, is féidir go socródh scoil dúnadh ar feadh lá amháin - leath lá le haghaidh seimineár gréasáin agus leath lá le haghaidh tacaíochta leanúnacha - dá gcabhródh an struchtúr sin chun rannpháirtíocht a chur chun cinn ina gcomhthéacs féin.

Gheofar eolas níos mionsonraithe ar an gclár FGL agus ar dhúnadh scoileanna i scoilbhlianta 2020/2021 agus 2021/2022 sa Chiorclán a eiseofar i Meán Fómhair 2019. Faoi láthair, is féidir gur mhaith leis na scoileanna bheith ag pleanáil do laethanta ar a mbeidh an scoil dúnta i scoilbhliain 2019/2020.

Evelyn O'Connor

Evelyn O'Connor
Príomhoifigeach
An tAonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta
An Roinn Oideachais agus Scileanna

13th Bealtaine 2019

To Boards of Management and Principal Teachers, Teaching Staff of Primary Schools and Special Schools and CEOs of ETBs.

Primary Language Curriculum/Curaclam Teanga na Bunscoile

Stages 1-4 (junior infants to sixth class)

4. The Primary Language Curriculum/Curaclam Teanga na Bunscoile (PLC/CTB)

The PLC/CTB for all four stages of primary school (junior infants to sixth class) will be launched in September 2019 and will be accompanied by a circular that will issue to all schools. The curriculum will be available online for teachers and schools to access at www.curriculumonline.ie/primary from September 2019.

Furthermore, **a hard copy of the curriculum for each teacher will be delivered to schools in September 2019.**

5. Support for Schools and Teachers

A new three-year cycle of support from 2019/20 to 2021/22 will commence in September 2019 as follows:

- All schools will be offered a full-day seminar, facilitated by PDST/NCSE during Term 1 2019 which will focus on the implementation of the full PLC/CTB (junior infants to sixth class).
- Annual leadership seminars will be available to school principals over the three year period. These seminars will address the theme of Leading Curriculum Change for the PLC/CTB.
- A phased programme of sustained in-school support which will facilitate involvement by schools in three cohorts (run across the three years) will be made available following on from the Term 1, 2019 seminars. The programme involves up to six in-school visits over the course of a year. Details of the application process will be issued by PDST before the end of 2019.
- A series of webinars will be made available in response to key issues being identified by schools. The first of these webinars will become available in Term 2, 2020.

6. School Closures

To allow schools to engage at a whole-school level, the Department is aware that both time and support are required to ensure deeper engagement and prior preparation of activities by schools to embed this new style of curriculum in the system.

Schools may therefore avail of the following closures in the 2019/2020 school year:

- One full-day school closure in Term 1 for the 2019/2020 whole-staff seminar facilitated by PDST/NCSE
- One half-day school closure with **each** webinar as it becomes available for all schools to facilitate whole-staff engagement (led by schools themselves)
- In addition each school involved in the sustained support CPD for 2019/2020 will have up to three further half-day school closures.

Schools receiving sustained support will have the autonomy to plan their school closures as best suits their needs and context. For example, they may decide to combine a half-day webinar closure with a half-day sustained support closure, resulting in one full-day's closure, if this format would be of benefit to engagement in their context.

More detailed information on the CPD programme and school closures for the 2020/2021 and 2021/2022 school years, will be provided in the Circular in September 2019. For now, schools may wish to plan ahead for closures in the 2019/2020 school year.



Evelyn O'Connor
Principal Officer
Curriculum & Assessment Policy Unit
Department of Education and Skills



May 2019